| # Donegal County Draft Heritage Plan (2023-2030) | # Dréachtphlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall (2023-2030) |
|---|---|
| ## Introduction | ## Réamhrá |
| **What is Heritage?**<br>Under the Heritage Act (1995), heritage is defined as comprising archaeological objects, architectural heritage, fauna, flora, geology, heritage gardens/parks, heritage objects, inland waterways, landscapes, monuments, seascapes, wildlife habitats and shipwrecks. This concept of heritage is based on our material heritage, a visible expression of our culture. Our heritage embraces the concept of inheritance too – the aspects of built, archaeological, cultural and natural heritage that we have inherited and of which we are custodians and which we seek to hand on to future generations. The Convention on the Value of Cultural Heritage for Society (The Faro Convention) defines "cultural heritage as a group of resources inherited from the past which people identify, independently of ownership as a reflection and expression of their constantly evolving values, beliefs, knowledge and traditions. It includes all aspects of the environment resulting from the interaction between people and places through time." The County Donegal Heritage Plan will address aspects of our built heritage (such as historic buildings, landscapes, designed parks and gardens), our archaeology (such as monuments, ancient objects and shipwrecks), our natural heritage (such as wildlife, habitats, flora, fauna and geology) and our cultural inheritance (such as skills, folklore, traditions and archives). | **Cad é an rud é Oidhreacht?**<br>Faoin Acht Oidhreachta (1995) is é an sainmhíniú atá tugtha ar oidhreacht ná rudaí ársa, oidhreacht ailtireachta, fána, flóra, geolaíocht, gairdíní/páirceanna oidhreachta, rudaí oidhreachta, uiscebhealaí intíre, tírdhreacha, séadchomharthaí, muirdhreacha, gnáthóga fiadhúlra agus longa briste. Tá coincheap seo na hoidhreachta bunaithe ar ár n-oidhreacht ábhartha, léiriú infheicthe dár gcultúr. Clúdaíonn ár n-oidhreacht coincheap an chomharbais ó ghlúin go glúin fosta – gnéithe den oidhreacht thógtha, seandálaíochta, chultúrtha, agus nádúrtha atá fágtha againn agus a bhfuil muid mar chúramóirí orthu agus ar mhaith linn a bhronnadh ar na glúnta atá le teacht. Is é an sainmhíniú a thugann An Chomhdháil ar Luach na hOidhreachta Cultúrtha don tSochaí (Comhdháil Faro) ar oidhreacht chultúrtha ná cnuasach acmhainní atá fágtha againn ón am atá thart, acmhainní a bhfeiceann daoine iad, go neamhspleách ó aon úinéireacht, mar léiriú agus mar léargas ar a gcuid luachanna, tuiscintí, eolais agus traidisiún. Áirítear ann gach gné den timpeallacht a eascraíonn as an idirghníomhú idir daoine agus áiteanna le himeacht ama. Pléifidh Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall le gnéithe dár n-oidhreacht thógtha (amhail foirgnimh stairiúla, tírdhreacha, páirceanna agus gairdíní deartha), ár seandálaíocht (amhail séadchomharthaí, rudaí ársa agus longa briste), ár n-oidhreacht nádúrtha (amhail fiadhúlra, gnáthóga, flóra, fána agus geolaíocht) agus ar n-oidhreacht chultúrtha (amhail scileanna, béaloideas, traidisiúin agus cartlanna). |
| Biodiversity is the variety of life on earth, in all its forms and interactions. It | Is é atá sa bhithéagsúlacht ná inchineálacht na beatha sa domhan, in achan fhoirm agus in |

| | |
|---|---|
| is both extremely complex and a vital feature of our planet. Biodiversity is comprised of several levels - genetic diversity, species diversity, communities of creatures and then ecosystem diversity such as woodlands or bogs where life interacts with the physical environment. The Convention on Biological Diversity (CBD) defines 'biological diversity' as "The variability among living organisms from all sources including, inter alia, terrestrial marine and other aquatic ecosystems and the ecological complexes of which they are part; this includes diversity within species, between species and of ecosystems." Biodiversity is our life-support system and it provides us with ecosystem goods and services, such as clean water, carbon sequestration, healthy soil, air quality, pollination, food and medicines, timber, and fibre for material. Biodiversity provides us with everything we need to survive.<br><br>## What We Do<br><br>***County Donegal Heritage Office***<br>The County Donegal Heritage Office was established in July 2003 with the appointment of County Donegal's first Heritage Officer. The Heritage Office is part of the Culture Division of Donegal County Council that raise awareness of County Donegal's built, archaeological, cultural and natural heritage that includes the County Archives, County Library, County Museum, County Arts Office and the Regional Cultural Centre. The role of the County Donegal Heritage Office is to:<br>▪ raise awareness of County Donegal's built, archaeological, cultural and natural heritage;<br>▪ provide advice and information on heritage matters to the public and Donegal County Council;<br>▪ collect data and conduct research on aspects of County Donegal's heritage;<br>▪ promote best conservation practice in relation to our heritage;<br>▪ develop heritage policy; and | achan idirghníomhaíocht. Tá sí rí-chasta, agus ina gné ríthábhachtach den phlainéad seo. Tá leibhéil éagsúla i gceist leis an bhithéagsúlacht – éagsúlacht ghéiniteach, éagsúlacht speiceas, comhluadair chréatúr, agus ansin éagsúlacht éiceachórais amhail coillearnacha nó portaigh ina mbíonn an bheatha ag idirghníomhú leis an timpeallacht fhisiciúil. Is é an sainmhíniú atá ag An Chomhdháil um Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CÉB) ar 'éagsúlacht bhitheolaíoch' ná "an inathraitheacht i measc orgánaigh bheo ó gach foinse, lena n-áirítear, inter alia, éiceachórais talún agus mhuirí agus éiceachórais uisceacha eile agus na coimpléisc éiceolaíochta ar cuid díobh iad; áirítear leis seo éagsúlacht i measc speiceas, idir speicis agus idir éiceachórais." Is cuid thábhachtach den chóras a choinníonn beo muid í an bhithéagsúlacht agus soláthraíonn sí éiceachóras earraí agus seirbhísí dúinn amhail uisce glan, ceapadh carbóin, cré shláintiúil, caighdeán aeir, pailniú, bia agus leighis, adhmad, agus snáithín le haghaidh ábhair. Soláthraíonn an bhithéagsúlacht dúinn gach rud atá riachtanach lenár gcoinneáil beo.<br><br>## An méid a dhéanann muid<br><br>***Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall***<br>Bunaíodh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall i mí Iúil 2003 nuair a ceapadh an chéad Oifigeach Oidhreachta do Chontae Dhún na nGall. Tá an Oifig Oidhreachta mar chuid de Rannán Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall, a chuireann eolas ar fáil faoi oidhreacht thógtha, sheandálaíochta, chultúrtha agus nádúrtha de chuid Chontae Dhún na nGall. Tá Cartlann an Chontae, Leabharlann an Chontae, Músaem an Chontae, Oifig Ealaíon an Chontae agus an tIonad Cultúrtha Réigiúnach mar chuid den rannán chomh maith. Is é ról Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall:<br>▪ feasacht a ardú maidir le hoidhreacht thógtha, seandálaíochta, chultúrtha agus nádúrtha Chontae Dhún na nGall;<br>▪ comhairle agus eolas a sholáthar don phobal agus do Chomhairle Contae Dhún na nGall faoi chúrsaí oidhreachta;<br>▪ sonraí a bhailiú agus taighde a dhéanamh maidir le gnéithe oidhreachta de chuid Chontae Dhún na nGall;<br>▪ an dea-chleachtas caomhnaithe is fearr a chur chun cinn maidir lenár n-oidhreacht;<br>▪ beartas oidhreachta a fhorbairt; agus |

| | |
|---|---|
| ▪ implement the strategic County Donegal Heritage Plan in association with the County Donegal Heritage Forum, The Heritage Council, key stakeholders and local communities.<br>The Heritage Officer post is a joint initiative between Donegal County Council and The Heritage Council under the Heritage Officer Programme. The first County Donegal Heritage Plan was adopted by Donegal County Council in 2007 and the second County Donegal Heritage Plan was adopted in 2014. | ▪ Plean Oidhreachta straitéiseach Chontae Dhún na nGall a chur i bhfeidhm i gcomhar le Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, An Chomhairle Oidhreachta, príomhpháirtithe leasmhara agus pobail áitiúla.<br>Is comhthionscnamh é post an Oifigigh Oidhreachta, idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus An Chomhairle Oidhreachta faoi Chlár na nOifigeach Oidhreachta. Ghlac Comhairle Contae Dhún na nGall leis an chéad Phlean Oidhreachta do Chontae Dhún na nGall in 2007, agus glacadh leis an dara Plean Oidhreachta do Chontae Dhún na nGall in 2014. |
| ***County Donegal Heritage Forum***<br>The County Donegal Heritage Forum is a committee of Donegal County Council and provides advice to Donegal County Council on the preparation and implementation of the County Donegal Heritage Plan. It is composed of representatives from local government (elected representatives and officials), local development, state agencies, educational institutions, landowner/farming representatives, community/voluntary groups and heritage organisations and groups. The County Donegal Heritage Forum operates on the basis of real and meaningful partnership and cooperation. The County Donegal Heritage Forum prepares and submits an annual application to The Heritage Council and Donegal County Council for matching funding for the implementation of County Heritage Plan actions. There is a commitment in the new National Heritage Plan – Heritage Ireland 2030 – to "Enhance support for local authorities, County/City Heritage Forums and the Heritage Council, and others working in community heritage engagement" (Objective 1). | ***Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall***<br>Is coiste de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall é Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, a sholáthraíonn comhairle do Chomhairle Contae Dhún na nGall maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. Tá ionadaithe air as rialtas áitiúil (ionadaithe tofa agus oifigigh), forbairt áitiúil, áisíneachtaí stáit, institiúidí oideachais, ionadaithe féirmeoireachta/úinéirí talún, coistí pobail agus deonacha, agus eagraíochtaí agus coistí oidhreachta. Is ar bhonn comhpháirtíochta agus comhoibrithe, atá suntasach agus fiúntach, a fheidhmíonn Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. Déanann Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall iarratas bliantúil ar chómhaoiniú a ullmhú agus a chur isteach chuig An Chomhairle Oidhreachta agus chuig Comhairle Contae Dhún na nGall chun gníomhartha Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a chur i bhfeidhm. Tá gealltanas sa Phlean Náisiúnta Oidhreachta úr – Oidhreacht Éireann 2030 – chun cur leis an tacaíocht d'údaráis áitiúla, d'Fhóraim Chontae/Chathrach agus don Chomhairle Oidhreachta, agus d'eagraíochtaí eile atá ag obair i rannpháirtíocht oidhreachta pobail (Cuspóir 1). |
| ***The Heritage Council***<br>The Heritage Council is a statutory body established under the Heritage Act (1995). Its role is to: | ***An Chomhairle Oidhreachta***<br>Is foras reachtúil í An Chomhairle Oidhreachta a bunaíodh faoin Acht Oidhreachta (1995). Is é an ról atá aici:<br>▪ beartais a mholadh agus comhairle a thabhairt maidir lenár n-oidhreacht náisiúnta a |

| | |
|---|---|
| ▪ propose policies and advice for the protection and management of our national heritage;<br>▪ promote interest, education, knowledge and pride in, and facilitate the appreciation and enjoyment of this heritage; and<br>▪ co-operate with public authorities, educational bodies and other organisations and persons in the promotion of its functions.<br>The Heritage Council established the Heritage Officer Programme in 1999 – a strategic partnership between The Heritage Council and local authorities in Ireland. Under the Heritage Officer Programme, The Heritage Council provides part-funding for the post of Heritage Officer, organises the Heritage Training & Development Programme for Heritage Officers and provides part-funding annually for the implementation of County Heritage Plans. | chosaint agus a bhainistiú;<br>▪ spéis, oideachas, eolas agus bród a spreagadh i dtaca leis an oidhreacht seo, agus dea-mheas agus sult a éascú maidir léi; agus<br>▪ comhoibriú le húdaráis phoiblí, eagraíochtaí oideachais, eagraíochtaí eile agus daoine aonair lena feidhmeanna a chur chun cinn.<br>Bhunaigh An Chomhairle Oidhreachta Clár na nOifigeach Oidhreachta in 1999 – comhpháirtíocht straitéiseach idir An Chomhairle Oidhreachta agus údaráis áitiúla in Éirinn. Faoi Chlár na nOifigeach Oidhreachta, soláthraíonn An Chomhairle Oidhreachta páirtmhaoiniú do phost an Oifigigh Oidhreachta, eagraíonn sí An Clár Oiliúna agus Forbartha i gCúrsaí Oidhreachta d'Oifigigh Oidhreachta, agus soláthraíonn sí páirtmhaoiniú gach bliain leis na Pleananna Oidhreachta Contae a chur i bhfeidhm. |
| **Guiding Principles**<br>The County Donegal Heritage Plan seeks to adhere to the following guiding principles in its implementation:<br><br>▪ ***Leadership***<br>The County Donegal Heritage Office, Culture Division of Donegal County Council and the County Donegal Heritage Forum will demonstrate leadership in the implementation and delivery of priorities in the County Donegal Heritage Plan.<br><br>▪ ***Integrated Heritage Approach***<br>Donegal County Council and the County Donegal Heritage Forum recognises that the strategic County Donegal Heritage Plan provides an opportunity to consider the integrated nature of our built, archaeological, cultural and natural heritage and its tangible and intangible aspects. This holistic perspective and ecosystem approach is very important to safeguarding, conserving, enhancing and promoting our heritage. | **Treoirphrionsabail**<br>Féachann Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall le cloí leis na treoirphrionsabail seo a leanas agus é á chur i bhfeidhm:<br><br>▪ ***Ceannasaíocht***<br>Léireoidh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, Rannán Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ceannasaíocht ó thaobh chur i bhfeidhm agus sheachadadh na dtosaíochtaí atá i bPlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall.<br><br>▪ ***Cur Chuige Comhtháite i gCúrsaí Oidhreachta***<br>Aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall agus Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall go dtugann Plean straitéiseach Oidhreachta Chontae Dhún na nGall deis dúinn comhtháiteacht na hoidhreachta s'againn, idir thógtha, sheandálaíochta, chultúrtha agus nádúrtha, agus a gnéithe inbhraite agus neamh-inbhraite, a mheas. Tá an pheirspeictíocht iomlánaíoch seo, agus an cur chuige éiceachórasach seo, iontach tábhachtach chun ár n-oidhreacht a shlánú, a chaomhnú, a fheabhsú agus a chur chun cinn. |

| | |
|---|---|
| ▪ ***Role of Community***<br>The implementation of the County Donegal Heritage Plan will seek to foster interest in, and build the capacity of, communities to engage with their local heritage. There is an active heritage sector in County Donegal and consideration will be given to the support required by heritage groups and community groups with a heritage remit in the county in order to deliver the best outcomes for our heritage. Care also needs to be taken that that there is not an over-reliance on community and voluntary effort in order to protect and conserve our heritage. Investment is needed in the heritage sector to develop employment opportunities for heritage professionals, heritage-related business and traditional skills.<br><br>▪ ***Working in Partnership***<br>In the implementation of the County Donegal Heritage Plan, Donegal County Council and the County Donegal Heritage Forum will work with key stakeholders at local, regional and national levels to deliver the priorities identified in the County Donegal Heritage Plan.<br><br>▪ ***Heritage as a Valued Resource***<br>Donegal County Council recognises that our heritage resources are assets that require careful management and conservation. Heritage values include aesthetic, historic, scientific, social, spiritual, political, national, cultural, educational, recreational, economic and resource. Our tangible and intangible heritage has intrinsic value but also supports our economy, tourism and development. The conservation of our heritage in all its aspects constitutes proper planning and sustainable development in its own right and the implementation of the County Donegal Heritage Plan will seek to prevent the over-exploitation of, and damage to, our heritage resources. Respecting the integrity and value of our heritage is important to its appropriate stewardship and to our handing of it on to future generations. | ▪ ***Ról an Phobail***<br>Mar chuid de Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a chur i bhfeidhm féachfar le spéis a chothú san oidhreacht áitiúil i measc an phobail, chomh maith lena n-acmhainn chun bheith ag plé leis an oidhreacht áitiúil, a fhorbairt. Tá earnáil ghníomhach oidhreachta i gContae Dhún na nGall agus scrúdófar an tacaíocht a bheas de dhíth ar ghrúpaí oidhreachta agus ar ghrúpaí pobail a bhfuil sainchúram oidhreachta orthu sa chontae d'fhonn na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach don oidhreacht s'againn. Is gá fosta a bheith airdeallach nach mbeifear ag brath barraíocht ar iarrachtaí pobail agus deonacha lenár n-oidhreacht a chosaint agus a chaomhnú. Tá gá le hinfheistíocht in earnáil na hoidhreachta le deiseanna fostaíochta a chruthú do ghairmithe oidhreachta, do ghnólachtaí oidhreacht-bhunaithe agus do scileanna traidisiúnta.<br><br>▪ ***Ag Obair i gComhpháirtíocht***<br>Ó thaobh chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall de, beidh Comhairle Contae Dhún na nGall agus Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ag obair le príomhpháirtithe leasmhara ag na leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta leis na tosaíochtaí atá aitheanta i bPlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a chur i gcrích.<br><br>▪ ***Oidhreacht mar Acmhainn Luachmhar***<br>Aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall gur sócmhainní iad ár gcuid acmhainní oidhreachta ar gá iad a bhainistiú agus a chaomhnú go cúramach. San áireamh le luachanna oidhreachta tá luachanna aeistéitiúla, stairiúla, spioradálta, sóisialta, polaitiúla, náisiúnta, cultúrtha, oideachasúla, fóillíochta agus acmhainneacha. Tá luach aisti féin ag ár n-oidhreacht inbhraite agus neamh-inbhraite, ach tacaíonn sí chomh maith leis an gheilleagar, leis an turasóireacht, agus leis an fhorbraíocht. Is pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe as féin é caomhnú gach gné dár n-oidhreacht, agus féachfar, le linn chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, le ró-shaothrú ár n-acmhainní oidhreachta, agus le dochar dóibh, a chosc agus a sheachaint. Tá sé tábhachtach meas a bheith againn ar shláine agus luach ár n-oidhreachta le go dtig linn cúram cuí a thabhairt di agus í a bhronnadh ar na glúnta atá le teacht. |

- ***Inclusion & Participation***
  Our built, archaeological, cultural and natural heritage presents opportunities for engaging people of all ages and backgrounds. Interest in, managing and caring for our heritage can help be a unifying force in communities and can be a way of introducing newly-arrived people to the local community, landscape and place.

- ***Addressing the Biodiversity & Climate Change Emergencies***
  In May 2019, the Dáil declared biodiversity and climate change emergencies. In order to play our role in addressing biodiversity loss and the human impact on climate, Donegal County Council and the County Donegal Heritage Forum is committed to taking a responsible approach to the delivery of the County Donegal Heritage Plan as regards these national priorities. We will work with internal and external stakeholders over the lifetime of this plan to achieve the best results for our biodiversity and climate.

## The Heritage Plan in Context

**The Policy Context**
The new County Donegal Heritage Plan was prepared on behalf of Donegal County Council by the County Donegal Heritage Office, Culture Division and the County Donegal Heritage Forum in partnership with The Heritage Council. The County Donegal Heritage Plan (2023-2030) is a strategic action plan for the identification, conservation, management, promotion and interpretation of heritage. In the new National Heritage Plan – Heritage Ireland 2030: A Framework for Heritage – published in February 2022, there is a commitment to "Continue the preparation and implementation of County/City Heritage Plans and resource their implementation with a view to maximising their effectiveness and assistance in the delivery of Heritage Ireland 2030" (Action 148). The County Donegal Heritage Plan is an

- ***Ionchuimsiú agus Rannpháirtíocht***
  Soláthraíonn ár n-oidhreacht thógtha, sheandálaíochta, chultúrthua agus nádúrtha deiseanna chun dul i rannpháirtíocht le daoine ó gach aoisghrúpa agus ó gach cúlra. Is fórsa comhaontaithe é an spéis san oidhreacht, agus an bainistiú agus an obair chúraim a bhaineann léi, agus is dóigh í fosta leis an phobal áitiúil, an tírdhreach áitiúil agus an ceantar áitiúil a chur in aithne do dhaoine nuathagtha.

- ***Ag dul i ngleic leis na hÉigeandálaí sa Bhithéagsúlacht agus san Athrú Aeráide***
  I mí na Bealtaine 2019, d'fhógair an Dáil éigeandálaí bithéagsúlachta agus athrú aeráide. Lenár bpáirt féin a dhéanamh chun dul i ngleic le cailleadh bithéagsúlachta agus le tionchar daoine ar an aeráid, tá Comhairle Contae Dhún na nGall agus Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall tiomanta chun cur chuige freagrach a ghlacadh i dtaca le cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ó thaobh na dtosaíochtaí náisiúnta seo de. Oibreoidh muid i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha le linn thréimhse an phlean seo leis na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach don bhithéagsúlacht agus don aeráid s'againn.

## An Plean Oidhreachta i gComhthéacs

**An Comhthéacs Polasaí**
Is í Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, an Rannán Cultúir agus Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall i gcomhpháirt leis an Chomhairle Oidhreachta, a d'ullmhaigh Plean úr Oidhreachta Chontae Dhún na nGall thar ceann Chomhairle Contae Dhún na nGall. Is plean gníomhaíochta straitéiseach é Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall (2023-2030) chun an oidhreacht a shainaithint, a chaomhnú, a bhainistiú, a chur chun cinn agus a léirmhíniú. Sa Phlean Oidhreachta Náisiúnta úr – Oidhreacht na hÉireann 2030: Creat Oidhreachta - a foilsíodh i mí Feabhra 2022, tá gealltanas ann chun "Leanúint le hullmhú agus le cur i bhfeidhm Pleananna Oidhreachta Contae / Cathrach agus acmhainní a chur i bhfeidhm d'fhonn a n-éifeachtacht agus a gcabhair i seachadadh Oidhreacht na hÉireann 2030 a uasmhéadú" (Gníomh 148). Is deis é Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall chun saincheisteanna agus riachtanais oidhreachta a aithint agus dul i ngleic leo go háitiúil,

| | |
|---|---|
| opportunity to identify heritage issues and needs in the county and to address them locally, within a regional and national framework. | laistigh de chreat réigiúnach agus náisiúnta. |
| The context in which the new County Donegal Heritage Plan was prepared was dynamic and there were a number of policy initiatives at national and local level that influenced the preparation of the County Donegal Heritage Plan. The Department of Housing, Local Government & Heritage in partnership with The Heritage Council is committed to developing an implementation plan for the new National Heritage Plan – Heritage Ireland 2030. The Department has committed to “Work with local authorities to review the existing heritage staff complement to ensure that the service is adequately resourced at the local level, taking into consideration the findings of the 2021 review of the Heritage Officers Network” (Action 73). An Evaluation of the Local Authority Heritage Officer Programme commissioned by The Heritage Council in partnership with the County & City Management Association (CCMA) was launched in November 2021. The Heritage Council has committed to “Develop and support new guidance for local authority heritage plans and for local authority heritage forums.” | Is i gcomhthéacs dinimiciúil a ullmhaíodh Plean úr Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus bhí tionchar ag roinnt tionscnaimh bheartais ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil ar ullmhú Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, i gcomhpháirtíocht leis an Chomhairle Oidhreachta, tiomanta chun plean cur chun feidhme a fhorbairt don Phlean Oidhreachta Náisiúnta úr – Oidhreacht na hÉireann 2030. Tá an Roinn tiomanta chun “Oibriú le húdaráis áitiúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar líon na foirne oidhreachta atá ann chun a chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an tseirbhís ag an leibhéal áitiúil, agus torthaí athbhreithniú 2021 ar Líonra na nOifigeach Oidhreachta á gcur san áireamh” (Gníomh 73). Seoladh Meastóireacht ar Chlár na nOifigeach Oidhreachta sna hÚdaráis Áitiúla i mí na Samhna 2021, í coimisiúnaithe ag an Chomhairle Oidhreachta i gcomhpháirtíocht le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC). Tá an Chomhairle Oidhreachta tiomanta chun “treoir úr a fhorbairt, agus tacaíocht a sholáthar, do phleananna oidhreachta de chuid na n-údarás áitiúil agus d’fhóraim oidhreachta de chuid na n-údarás áitiúil.” |
| In its new strategic plan Our Place in Time, The Heritage Council is committed to working with local authorities “to enhance partnership and secure the protection of heritage and best practice in heritage management.” It acknowledges the long tradition of collaboration between local authorities and The Heritage Council and, in particular, through the Heritage Officer Programme – a strategic partnership between The Heritage Council and local authorities. There is a commitment in the new Heritage Council Strategic Plan to engage communities more actively in heritage “through increased support for Heritage Officers and other heritage services offered by local authorities.” | Ina plean straitéiseach úr *Ár nÁit sa Stair* tá an Chomhairle Oidhreachta tiomanta chun bheith ag obair le húdaráis áitiúla “chun rannpháirtíocht a chur chun cinn, agus chun cosaint na hoidhreachta agus an dea-chleachtais a fhréamhú i mbainistíocht na hoidhreachta.” Aithníonn sé an traidisiún fada comhoibrithe idir údaráis áitiúla agus An Chomhairle Oidhreachta agus, go sonrach, trí Chlár na nOifigeach Oidhreachta – comhpháirtíocht straitéiseach idir an Chomhairle Oidhreachta agus údaráis áitiúla.<br>Tá tiomantas i bPlean úr Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta chun páirt níos gníomhaí a thabhairt do phobail i gcúrsaí oidhreachta “trí thacaíocht bhreise d’Oifigigh Oidhreachta agus do sheirbhísí oidhreachta eile a chuireann údaráis áitiúla ar fáil.” |
| The new National Biodiversity Action Plan is in preparation by the National Parks & Wildlife Service of the Department of Housing, Local Government & Heritage. It recognises the “essential role that local authorities play in | Tá an Plean úr Gníomhaíochta Náisiúnta ar son na Bithéagsúlachta á ullmhú ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Aithníonn sé “an ról riachtanach a bhíonn ag údaráis áitiúla i bpáirt a |

| | |
|---|---|
| engaging with communities to support local biodiversity." There is a target in the new National Biodiversity Action Plan to have increased capacity to facilitate and implement all required duties relating to biodiversity at the local level. The establishment of the Biodiversity Officer Programme by The Heritage Council working in partnership with the County & City Management Association with funding from the National Parks & Wildlife Service, Department of Housing, Local Government & Heritage seeks to establish a dedicated Biodiversity Officer in each local authority (Action 1B4) and to produce and implement a County Biodiversity Action Plan (Action 1B6) by 2026.<br><br>In our Corporate Plan (2020-2024), Donegal County Council is committed to supporting the implementation of the County Donegal Heritage Plan (page 28). It also contains commitments to "Protect, conserve and promote our county's natural and built heritage and identify and support biodiversity for the benefit of our policies, people and our environment" (page 29) and to "protecting and promoting our unique indigenous culture, heritage and language whilst also embracing and valuing the diversity of all cultures and languages in Donegal" (page 24).<br><br>The Culture Division of Donegal County Council has produced its new strategic plan Cultúr le Chéile (2022-2026) in which we commit to the vision of "Where everyone in our society is inspired, enabled and enriched by cultural activity" including our natural, built, archaeological and cultural heritage. Donegal's Culture & Creativity Strategy (2023-2027) aims to "respect, celebrate and share Donegal's rich and varied natural, built and cultural heritage which represents our roots in the past and shapes our understanding of the present."<br><br>The goals and objectives in the County Donegal Heritage Plan embrace the principle of sustainable development which is "development that meets the needs of the present without compromising the ability of future generations to meet their own needs." The new County Donegal Heritage Plan will also | thabhairt do phobail chun tacú leis an bhithéagsúlacht go háitiúil." Tá sprioc sa Phlean úr Gníomhaíochta Náisiúnta ar son na Bithéagsúlachta chun cumas méadaithe a bheith ann le gach dualgas riachtanach a éascú agus a chur i bhfeidhm maidir leis an bhithéagsúlacht ag an leibhéal áitiúil. Bhunaigh An Chomhairle Oidhreachta Clár na nOifigeach Bithéagsúlachta, i gcomhpháirtíocht le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach agus le maoiniú ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus féachann sé le hOifigeach Bithéagsúlachta tiomnaithe a bhunú in achan údarás áitiúil (Gníomh 1B4) agus le Plean Gníomhaíochta Contae ar son na Bithéagsúlachta a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm (Gníomh 1B6) faoi 2026.<br><br>Inár bPlean Corparáideach (2020-2024), tá Comhairle Contae Dhún na nGall tiomanta chun tacú le Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a chur i bhfeidhm (lth 28). Tá gealltanais ann fosta chun "Oidhreacht nádúrtha agus thógtha ár gcontae a chosaint, a chaomhnú agus a chur chun cinn agus an bhithéagsúlacht a aithint agus tacú léi chun leasa ár bpolasaithe, ár ndaoine agus ár gcomhshaoil" (lth 29) agus chun "ár gcultúr, oidhreacht agus teanga dhúchasach uathúil a chosaint agus a chur chun cinn agus glacadh le, agus meas a bheith againn ar, éagsúlacht na gcultúr agus na dteangacha go léir i nDún na nGall" (lth 24).<br><br>Tá plean úr straitéiseach foilsithe ag Rannán Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall, mar atá Cultúr le Chéile (2022-2026) ina bhfuil muid tiomanta don fhís ina "Spreagtar, cumasaítear agus saibhrítear gach duine inár sochaí trí ghníomhaíocht chultúrtha" lena n-áirítear ár n-oidhreacht nádúrtha, thógtha, sheandálaíochta agus chultúrtha. Tá sé mar aidhm ag Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Dhún na nGall (2023-2027) "meas a léiriú ar oidhreacht shaibhir ilchineálach nádúrtha, thógtha chultúrtha Dhún na nGall, oidhreacht a léiríonn ár bhfréamhacha san am atá thart agus a mhúnlaíonn ár dtuiscint ar an lá atá inniu ann."<br><br>Glacann na spriocanna agus cuspóirí i bPlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall le prionsabal na forbraíochta inbhuanaithe, arb ionann í agus "forbraíocht a chomhlíonann riachtanais an ama i láthair gan dochar a dhéanamh do chumas na nglúnta atá le teacht a riachtanais féin a chomhlíonadh." Lena chois sin, cuirfidh Plean úr Oidhreachta Chontae Dhún na nGall bonn eolais faoi ullmhú Phlean úr Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún na |

| | |
|---|---|
| inform the preparation of the new Donegal Local Economic & Community Plan, the new Donegal Tourism Strategy and the new Donegal County Development Plan which are in preparation.<br><br>The County Donegal Heritage Office and Heritage Forum is also engaging with cross-border heritage colleagues in Derry City & Strabane District Council and Fermanagh & Omagh District Council to ensure coordination of approach in the delivery of our heritage plans. The Culture Teams in both Donegal County Council and Derry City & Strabane District Council also meet regularly to collaborate on a variety of joint culture and heritage initiatives.<br><br>**The Funding Context**<br>A strong heritage sector in County Donegal supports social, cultural and economic development. The strength of the heritage infrastructure and the extent of investment in heritage resources is a reflection of the value placed on the heritage sector. As outlined in the policy context, several strategies and plans such as Strategic Plan for Culture Division (2022-2026), Donegal Culture & Creativity Strategy (2023-2027), Donegal County Council Corporate Plan (2020-2024), Heritage Council Strategic Plan (2023-2028) and Heritage Ireland 2030 advocates for increased investment in the heritage infrastructure, heritage staff and financial resources.<br><br>County Donegal has a proactive heritage sector. There is a growing awareness and engagement in heritage among community groups and individuals in County Donegal. There are over 250 community groups with a heritage remit in the county. Prior to the pandemic, County Donegal was consistently the county with the most Heritage Week events per head of population in Ireland. County Donegal-based heritage events and projects won two National Heritage Week Awards every year for the past four years (2019 - 2022 inclusive). County Donegal-based heritage initiatives regularly secured between 10% and 14% annually of the national funding available under The Heritage Council's Community Heritage Grants Scheme between 2014 & 2023. Heritage groups and projects in County Donegal have been | nGall, Straitéis úr Turasóireachta Dhún na nGall, agus Phlean Forbartha úr Chontae Dhún na nGall, atá á n-ullmhú faoi láthair.<br><br>Tá Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus an Fóram Oidhreachta ag comhoibriú le comhghleacaithe oidhreachta trasteorann i gComhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin agus i gComhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhordaitheach ann i dtaca le cur i bhfeidhm ár gcuid pleananna oidhreachta. Bíonn na Foirne Cultúir i gComhairle Contae Dhún na nGall agus i gComhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin ag bualadh le chéile go rialta le bheith ag comhoibriú ar réimse comhthionscadal cultúrtha agus oidhreachta.<br><br>**An Comhthéacs Maoinithe**<br>Tacaíonn earnáil láidir oidhreachta i gContae Dhún na nGall le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta. Is léiriú é láidreacht an bhonneagair oidhreachta agus an méid infheistíochta a dhéantar in acmhainní oidhreachta, is léiriú é sin ar an luach a chuirtear ar an earnáil oidhreachta. Mar atá leagtha amach sa chomhthéacs polasaí, tá cás déanta ar son infheistíocht bhreise i mbonneagar oidhreachta, foirne oidhreachta agus acmhainní airgeadais i roinnt straitéisí agus pleananna, mar shampla An Plean Straitéiseach don Rannán Cultúir (2022-2026), Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Dhún na nGall (2023-2027), Plean Corparáideach Chomhairle Contae Dhún na nGall (2020-2024), Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta (2023-2028) agus Oidhreacht na hÉireann 2030.<br><br>Tá earnáil réamhghníomhach oidhreachta ag Contae Dhún na nGall. Tá tuiscint níos fearr agus tuilleadh rannpháirtíochta i dtaca leis an oidhreacht i measc coistí pobail agus daoine aonaracha i gContae Dhún na nGall. Tá breis agus 250 grúpa sa chontae a bhfuil cúraimí oidhreachta orthu. Roimh an phaindéim, bhí Contae Dhún na nGall, ar bhonn leanúnach, ar an chontae ina mbíodh an líon ba mhó imeachtaí, in aghaidh an duine den daonra, ar siúl le linn Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta in Éirinn. Bhuaigh imeachtaí agus tionscadail oidhreachta as Dún na nGall dhá cheann de Dhuaiseanna Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta gach bliain le ceithre bliana anuas ((2019 – 2022 san áireamh). Is minic a ghnóthaíodh tionscadail oidhreachta as Dún na nGall idir 10% agus 14% den mhaoiniú a bhí ar fáil go náisiúnta, gach bliain, faoi Scéim Deontais Oidhreachta Pobail na Comhairle Oidhreachta idir 2014 agus 2023. Glacadh le grúpaí agus tionscadail oidhreachta as Contae |

| | |
|---|---|
| admitted to The Heritage Council's Adopt a Monument scheme every time applications have been sought since its inception in 2016.<br><br>In addition to the annual County Heritage Plan Fund, the number of potential annual funding schemes administered by Donegal County Council has increased significantly in recent years.<br>▪ Since 2020, the Community Monuments Fund provides 100% funding from the National Monuments Service for the conservation, maintenance, protection and presentation of archaeological monuments and historic sites by private owners, custodians, community groups or local authorities. The scheme offers an opportunity to landowners, community groups or local authorities to undertake conservation works to monuments, encourage greater access to them, improve their presentation or build resilience in monuments to enable them to withstand the effects of climate change. The scheme is administered by the County Donegal Heritage Office and the Donegal County Museum.<br>▪ Since 2018, the Local Biodiversity Action Fund provides 85% funding from the National Parks & Wildlife Service to carry out actions in the National Biodiversity Action Plan, to mainstream biodiversity into decision-making across all sectors, to raise awareness of biodiversity in local authority areas and to undertake collaborative projects to enhance biodiversity and biodiversity awareness at the local level. The scheme is administered by the County Donegal Heritage Office.<br>▪ Since 2019, the Historic Towns Initiative provides 80% funding from The Heritage Council in partnership with the Department of Housing, Local Government & Heritage to support the heritage-led regeneration of historic towns. Priority is given to projects that are plan-led and where strong public engagement can be demonstrated. The scheme is administered by the County Donegal Heritage Office and the Conservation Office.<br>▪ Since 2016, the Creative Ireland programme provides 100% from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport & Media to | Dhún na nGall i Scéim Uchtaigh Séadchomhartha na Comhairle Oidhreachta gach uair a lorgaíodh iarratais ó thosaigh sé in 2016.<br><br>Sa bhreis ar Chiste bliantúil Phlean Oidhreachta an Chontae, tá méadú suntasach tagtha ar líon na scéimeanna maoinithe atá á riar ag Comhairle Contae Dhún na nGall le blianta beaga anuas.<br>▪ Ó 2020, soláthraíonn Ciste na Séadchomharthaí Pobail maoiniú 100% ón tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí d'úinéirí príobháideacha, do lucht cúraim, do choistí pobail nó d'údaráis áitiúla le séadchomharthaí seandálaíochta agus suíomhanna stairiúla a chaomhnú, a chothabháil, a chosaint agus a léiriú. Tugann an scéim deis d'úinéirí talún, grúpaí pobail nó údaráis áitiúla oibreacha caomhnaithe a dhéanamh ar shéadchomharthaí, rochtain níos fearr orthu a chothú, feabhas a chur ar a gcuma, nó séadchomharthaí a láidriú agus a neartú le cur ar a gcumas maireachtáil slán fríd éifeachtaí an athraithe aeráide. Is iad Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus Músaem Contae Dhún na nGall a riarann an scéim.<br>▪ Ó 2018, soláthraíonn An Ciste Gníomhaíochta Áitiúil don Bhithéagsúlacht maoiniú 85% ón tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra chun gníomhartha sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta don Bhithéagsúlacht a chur i gcrích, chun an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú sna próisis chinnteoireachta in achan earnáil, chun feasacht a ardú i dtaca leis an bhithéagsúlacht i limistéir na n-údarás áitiúil, agus chun tabhairt faoi thionscadail chomhoibritheacha leis an bhithéagsúlacht, agus eolas faoin bhithéagsúlacht, a fheabhsú ag an leibhéal áitiúil. Is í Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a riarann an scéim.<br>▪ Ó 2019, soláthraíonn Tionscnamh na mBailte Stairiúla maoiniú 80% ón Chomhairle Oidhreachta, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun tacú le hathnuachan oidhreacht-bhunaithe ar na bailte stairiúla. Tugtar tús áite do thionscadail atá á stiúradh ag plean, agus nuair is féidir a thaispeáint go bhfuil an pobal iontach rannpháirteach san obair. Is iad Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus an Oifig Chaomhnaithe a riarann an scéim.<br>▪ Ó 2016, soláthraíonn clár Éire Ildánach maoiniú 100% ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán chun an chruthaitheacht a chothú in achan phobal (Colún 2). Tacaíonn sé le tionscnaimh a bhfuil údaráis áitiúla ina mbun agus ina mbíonn ceannródaíocht agus tacaíocht á dtabhairt do chomhthionscadail |

| | |
|---|---|
| enable creativity in every community (Pillar 2). It supports local authority-led initiatives which pioneer and support creative collaborations and local cross-sectoral projects in arts, heritage, local history, STEAM and the creative industries. The scheme is administered by the Culture Division.<br>▪ Other annual grant schemes include the Built Heritage Investment Scheme that provides up to 50% funding from the Department of Housing, Local Government & Heritage for conservation works to Protected Structures, proposed Protected Structures and structures within Architectural Conservation Areas. As part of the Built Heritage Investment Scheme, a dedicated fund for the conservation of historic thatched structures was introduced in 2023 that provides up to 80% funding from the Department of Housing, Local Government & Heritage. The Historic Structures Fund provides up to 80% funding from the Department of Housing, Local Government & Heritage for the conservation and enhancement of historic structures and buildings for the benefit of communities and the public. Both of these schemes are administered by the Conservation Office. | chruthaitheacha agus do thionscadail tras-earnála áitiúla sna healaíona, oidhreacht, stair áitiúil, STEAM agus na tionscail chruthaitheacha. Is í an Rannán Cultúir a riarann an scéim.<br>▪ Tá roinnt scéimeanna deontais eile ann ar bhonn bliantúil ar a n-áirítear An Scéim Infheistíochta d'Oidhreacht Thógtha, a chuireann suas le maoiniú 50% ar fáil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le haghaidh oibreacha caomhnaithe ar Struchtúir faoi Chosaint, Struchtúir faoi Chosaint atá molta, agus struchtúir laistigh de Limisitéir Chaomhnaithe Ailtireachta. Mar chuid den Scéim Infheistíochta d'Oidhreacht Thógtha, tugadh isteach ciste tiomnaithe chun struchtúir stairiúla cheann tuí a chaomhnú in 2023, a sholáthraíonn maoiniú suas le 80% ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Soláthraíonn Ciste na Struchtúr Stairiúil maoiniú suas le 80% ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le struchtúir agus foirgnimh stairiúla a chaomhnú agus a fheabhsú ar mhaithe le pobail áitiúla agus leis an phobal i gcoitinne. Tá an dá scéim seo á riar ag an Oifig Caomhnaithe. |
| **The Economic Context**<br>County Donegal was named the 'Coolest Place on the Planet' by National Geographic (2016) and awarded the title of 'Ireland's Hidden Gem' by the Irish Independent Travel Magazine (2017). The county attracts 330,000 domestic visitors and 300,000 international visitors per annum. The average stay in County Donegal for both national and international visitors is three days with an average daily spend (excluding accommodation) of €96 generating a total spend of €181,440,000 into the county's economy and supporting 29,000 jobs. In 2021, the top 30 heritage attractions recorded 480,605 visits indicating that 76% of all visitors attended one of these heritage attractions. County Donegal's natural, built and cultural heritage assets are a significant resource for the county's tourism industry. Donegal has a reputation for delivering world-class tourism services and attracting visitors from all over the island of Ireland and from many overseas | **An Comhthéacs Eacnamaíochta**<br>D'ainmnigh *National Geographic* Contae Dhún na nGall mar "An Áit is Cúláilte ar an Phlainéad" in 2016, agus bhronn Iris Taistil an *Irish Independent* an teideal 'Seoid faoi cheilt na hÉireann' ar an chontae in 2017. Meallann an contae 330,000 cuairteoir as Éirinn í féin gach bliain, agus 300,000 cuairteoir as tíortha eile. Is é an meán-am a fhanann cuairteoirí as Éirinn agus as tíortha eile i gContae Dhún na nGall ná trí lá, agus caitheann siad €96 sa lá ar an mheán (gan lóistín san áireamh), rud a ghineann caiteachas iomlán de €181,440,000 isteach i ngeilleagar an chontae agus a thacaíonn le 29,000 post. In 2021, tugadh 480,605 cuairt ar na 30 ionad oidhreachta is mó cuairteanna, rud a léiríonn gur thug 76% de na cuairteoirí uilig cuairt ar cheann amháin de na hionaid oidhreachta seo. Is acmhainn shuntasach do thionscal turasóireachta an chontae iad na háiseanna oidhreachta seo, idir nádúrtha, thógtha agus chultúrtha. Tá clú ar Dhún na nGall as seirbhísí turasóireachta den chéad scoth a sholáthar agus cuairteoirí a mhealladh ó oileán iomlán na hÉireann agus ó go leor tíortha thar lear, ar a n-áirítear An Bhreatain, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Mór- |

| | |
|---|---|
| destinations including Great Britain, United States of America and mainland Europe. The continued development of the tourism offering depends on our ability to manage and conserve heritage assets across the county. The growth of the tourism sector, the additional jobs, the development of the local economy are related to the health and well-being of the heritage sector. The heritage sector has a major input into the tourism sector and into the wider economic development of the county. In 2022, Donegal County Council invested 0.3% (€3.23 per person) of the total local authority budget on heritage and conservation compared to the national average of 0.42% (€4.83 per person).<br><br>Another important consideration in the economic value of heritage is that of time as a value measurement. There is a growing awareness, if not recognition, of the amount of time that people invest in protecting, conserving, recording, documenting, presenting and promoting their heritage. These efforts and investments of time contribute to the quality, character, understanding, accessibility, appreciation and awareness of our heritage. Much of the day-to-day responsibility for our heritage assets is vested in the hands of people in their communities. They are the early warning system, identifying changes and loss, and working to protect and conserve the built, natural and cultural heritage of the county. These people are more than volunteers or enthusiasts or amateurs. They are the wardens of our heritage, monitoring it, recording its changes and protecting and preserving what they can. Based on the County Heritage Plan consultation process, we can extrapolate that the members of the 250 community groups with a heritage remit in County Donegal contribute approximately 3,250,000 hours of unpaid voluntary work per year to the protection and preservation of our heritage. If we calculated their investment of time based on a living wage, the members of these groups are investing time to the value of almost €42 million per year. This figure is just the value of the time calculated at a living wage and does not account for the skill, expertise and tools that these people bring to the task, nor does it account for the value of that which is protected, preserved and conserved | Roinn na hEorpa. Tá forbairt leanúnach an táirge turasóireachta ag brath ar ár gcumas chun áiseanna oidhreachta ar fud an chontae a bhainistiú agus a chaomhnú. Tá fás na hearnála turasóireachta, na postanna breise, agus forbairt an gheilleagair áitiúil ag baint le sláinte agus folláine na hearnála oidhreachta. Cuireann an earnáil oidhreachta go mór leis an earnáil turasóireachta agus le forbairt eacnamaíochta níos leithne an chontae. In 2022, d'infheistigh Comhairle Contae Dhún na nGall 0.3% (€3.23 an duine) de bhuiséad iomlán an údaráis áitiúil ar an oidhreacht agus ar an chaomhnú i gcomparáid leis an mheán náisiúnta de 0.42% (4.83 an duine).<br><br>Gné thábhachtach eile ó thaobh luach eacnamaíochta na hoidhreachta de ná an t-am mar thomhas luacha. Tá tuiscint níos fearr, murab ionann agus aitheantas, ag méadú faoin oiread ama a chuireann daoine isteach chun a n-oidhreacht a chosaint, a chaomhnú, a thaifeadadh, a dhoiciméadú, a léiriú agus a chur chun cinn. Cuireann na hiarrachtaí seo, na hinfheistíochtaí ama seo, le caighdeán, carachtar, tuiscint, rochtain, meas agus feasacht i dtaca lenár n-oidhreacht. Cuid mhór den fhreagracht laethúil a bhaineann lenár sócmhainní oidhreachta, titeann sí ar dhaoine ina bpobail áitiúla. Is iadsan a thugann an chéad rabhadh, aithníonn siad athruithe agus caillteanais, agus oibríonn siad leis an oidhreacht thógtha, nádúrtha, agus chultúrtha sa chontae a chosaint agus a chaomhnú. Is mó ná oibrithe deonacha, nó díograiseoirí nó amaitéirigh atá sna daoine seo. Is caomhnóirí iad ar ár n-oidhreacht, ag déanamh monatóireachta uirthi, ag taifeadadh na n-athruithe atá ag teacht uirthi, agus ag cosaint agus ag caomhnú an oiread di agus a thig leo. Bunaithe ar phróiseas comhairliúcháin an Phlean Oidhreachta Contae, thig linn a bhaint as go gcuireann ballraíocht an 250 grúpa pobail a bhfuil ról oidhreachta acu i gContae Dhún na nGall, go gcuireann siad isteach thart fá 3,250,000 uair an chloig d'obair dheonach neamh-íoctha gach bliain lenár n-oidhreacht a chosaint agus a chaomhnú. Dá mbeimis leis sin a oibriú amach mar infheistíocht ama de réir pá maireachtála, tá baill na ngrúpaí seo ag déanamh infheistíocht ama ar fiú beagnach €42 milliún é gach bliain. Níl san fhigiúr seo ach luach an ama de réir pá maireachtála agus ní chuireann sé san áireamh an scil, an saineolas agus na huirlisí a thugann na daoine seo leo isteach san obair, agus ní chuireann sé san áireamh an luach atá ar na rudaí atá á gcosaint, á gcaomhnú agus á gcoinneáil mar thoradh ar a gcuid gníomhartha. Cuireann an infheistíocht seo cuma an-bheag bídeach ar aon infheistíocht |

as a result of their actions. This investment dwarfs any other single investment into the heritage sector in County Donegal. To put it another way, the 29,000 tourism jobs and the €181,440,000 spend in tourism is built on an investment of more than €42,000,000 per year in time, effort and skill by volunteers across the county. These figures are estimates and are likely to be underestimated. As part of the delivery of the County Donegal Heritage Plan, we will conduct a detailed time-use survey to capture the full extent of the investment by the people of County Donegal in the protection, preservation and conservation of our heritage and the implications of that investment for wider policy concerns and budgetary decisions. Given the size and value of the voluntary contribution and the fundamental importance of the heritage assets to the tourist economy and the wider local economy, it is evident that the heritage sector is a sleeping giant. If we take a focused, collaborative, realistic and innovative approach to resourcing and investment in heritage, then the returns will be considerable.

aonair eile san earnáil oidhreachta i gContae Dhún na nGall. Le é a chur ar dhóigh eile, tá an 29,000 post turasóireachta, agus an caiteachas €181,440,000 ar an turasóireacht, bunaithe ar infheistíocht de bhreis agus €42,000,000 sa bhliain i dtéarmaí ama, oibre agus scileanna ó oibrithe deonacha ar fud an chontae. Níl sna figiúirí seo ach meastachán, agus is dóichí ná a mhalairt gur gannmheas atá iontu. Mar chuid de chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall déanfaidh muid suirbhé mionsonraithe ar úsáid ama le heolas a ghabháil faoi mhéid iomlán na hinfheistíochta a dhéanann muintir Chontae Dhún na nGall i gcosaint, buanchoimheád agus caomhnú ár n-oidhreachta agus na himpleachtaí atá ag an infheistíocht sin do cheisteanna agus do chinntí níos leithne i dtaca le polasaithe agus buiséid. I bhfianaise mhéid agus luach an hoibre deonaí, agus thábhacht bhunúsach na n-acmhainní oidhreachta don gheilleagar turasóireachta agus don gheilleagar áitiúil i gcoitinne, is léir gur fathach suain atá san earnáil oidhreachta. Má ghlacann muid cur chuige fócasaithe, comhoibritheach, réadúil agus nuálach ó thaobh an oidhreacht a acmhainniú agus infheistiú inti, beidh torthaí suntasacha le feiceáil.

## Selected Achievements of the County Donegal Heritage Plan

***Thatch Repair Grant Scheme (2019-present)***

County Donegal is home to one of the largest surviving concentrations of thatch structures in Ireland. Our thatched buildings are one of the most iconic and enduring images of County Donegal. They lend character to our cultural landscapes; they are indicative of our sense of place, our traditional skills and our resourcefulness; they can be sensitively adapted to meet modern family demands; they invoke our diaspora and support our tourism industry. Despite their importance and potential, the loss of our thatched buildings, especially in recent years, has been considerable. Donegal County Council recognises the contribution that thatched dwellings and outbuildings make to our built heritage, cultural landscape, employment, economy and tourism. The County Donegal Heritage Office, Culture Division and the Conservation Office co-designed and has implemented our Thatch

## Rogha den mhéid a baineadh amach faoi Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

***Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí (2019-inniu)***

Is contae é Dún na nGall ina bhfuil ceann den líon is airde struchtúr ceann tuí atá ar marthain in Éirinn. Tá na foirgnimh cheann tuí s’againn ar cheann de na híomhánna is íocónaí agus is marthanaí de Chontae Dhún na nGall. Cuireann siad carachtar lenár dtírdhreacha cultúrtha; is léiriú iad ar ár bhféiniúlacht áite, ár scileanna traidisiúnta agus ár n-acmhainneacht; thig iad a chur in oiriúint go tuisceanach chun freastal ar riachtanais an teaghlaigh nua-aimseartha; meallann siad spéis an diaspóra s’againn agus tacaíonn siad lenár dtionscal turasóireachta. In ainneoin a dtábhachta agus a bhféidearthachtaí, cailleadh cuid mhór foirgnimh cheann tuí le blianta beaga anuas. Aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall an méid a chuireann tithe ceann tuí agus foirgnimh cheann tuí leis an oidhreacht thógtha, an tírdhreach cultúrtha, fostaíocht, an geilleagar agus an turasóireacht. Is iad Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall sa Rannán Cultúir agus An Oifig Caomhnaithe a rinne an Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí a chomhdhearadh agus a chur i bhfeidhm ón bhliain

| | |
|---|---|
| Repair Grant Scheme since 2019. The aims of the Thatch Repair Grant Scheme are to provide specialist advice to owners on the conservation of their thatched structures and to allocate funding for small-scale thatch repairs. The Thatch Repair Grant Scheme won the Chambers Ireland Excellence in Local Government Award in the Heritage & Built Environment category in November 2020. The award recognises the best local authority initiatives to promote public interest in, and knowledge, appreciation and protection of local heritage.<br><br>***Donegal's Traditional Shop Fronts & Signage (2019)***<br>Shopfronts, both individually and collectively, have a major impact on the overall character, quality and attractiveness of place. In 2017, the County Donegal Heritage Office commissioned architect and broadcaster Orla Murphy to undertake the research and production of guidelines for the conservation of traditional shopfronts and vernacular signage. This was followed up with a Traditional Shopfronts & Vernacular Signage seminar in 2018. In 2019, the County Donegal Heritage Office produced the Donegal's Traditional Shop Fronts & Signage booklet that draws upon best practice and encourages appropriate, sensitive and informed interventions in relation to our traditional shopfronts, vernacular signage and historical streetscapes. The booklet provides advice and guidance on best conservation practice to business owners, community groups and planners.<br><br>***'Illuminating Colmcille / Léargas ar Cholm Cille' Colouring Book (2021)***<br>The County Donegal Heritage Office with support from The Heritage Council produced a free, 36-page colouring book entitled 'Illuminating Colmcille / Léargas ar Cholm Cille' as part of the implementation of the County Donegal Heritage Plan. The free colouring book was launched on the 1,500th anniversary of the birth of St. Colmcille on Tuesday, December 7, 2021. The colouring book highlights some of the heritage sites, places, objects and archives associated with aspects of St. Colmcille's life and legacy. Some of the heritage sites and places featured in the colouring book are Gartan, Lacknacoo, Templedouglas, Kilmacrennan, Doon Well, Gleann Cholm Cille, | 2019. Is é is aidhm leis an Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí ná comhairle shaineolach a sholáthar d'úinéirí maidir le caomhnú a gcuid struchtúr ceann tuí agus maoiniú a dháileadh le haghaidh deisiúcháin tuí ar scála beag. Bhain an Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí an Gradam Barr Feabhais i Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas na hÉireann i gcatagóir na hOidhreachta agus na Timpeallachta Tógtha i mí na Samhna 2020. Aithníonn an gradam na tionscnaimh údaráis áitiúil is fearr a chuireann chun cinn spéis an phobail san oidhreacht áitiúil, chomh maith le hí a chosaint, eolas a chur uirthi agus a bheith tuisceanach ina leith.<br><br>***Tosaigh agus Comharthaí Traidisiúnta Siopaí i nDún na nGall (2019)***<br>Bíonn tionchar mór ag tosaigh siopaí, go haonarach agus le chéile, ar charachtar foriomlán, ar cháilíocht agus ar tharraingteacht na háite. In 2017, choimisiúnaigh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall an t-ailtire agus craoltóir Orla Murphy chun taighde a dhéanamh ar threoirlínte, agus iad a fhoilsiú, chun tosaigh siopaí agus comharthaíocht dhúchasach a chaomhnú. Leanadh seo suas le seimineár ar Thosaigh Thraidisiúnta Siopaí agus Comharthaíocht Dhúchasach in 2018. In 2019, d'fhoilsigh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall leabhrán ar Thosaigh Siopaí agus Comharthaíocht Dhún na nGall a tharraingíonn ar an dea-chleachtas is fearr agus a spreagann idirghabhálacha iomchuí, cúramacha agus eolasacha maidir lenár dtosaigh thraidisiúnta siopaí, comharthaíocht dhúchasach agus sráid-dreacha stairiúla. Tá comhairle agus treoir sa leabhrán maidir leis an dea-chleachtas caomhnaithe is fearr d'úinéirí gnó, do choistí pobail agus do lucht pleanála.<br><br>***'Illuminating Colmcille / Léargas ar Cholm Cille' Leabhar Dathúcháin (2021)***<br>D'fhoilsigh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, le tacaíocht ón Chomhairle Oidhreachta, leabhar dathúcháin 36 leathanach, saor in aisce, dar teideal 'Illuminating Colmcille / Léargas ar Cholm Cille' mar chuid de chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. Seoladh an leabhar dathúcháin saor in aisce Dé Máirt 7 Nollaig, 2021 le linn chomóradh 1,500 bliain ó rugadh Colm Cille. Tarraingíonn an leabhar dathúcháin aird ar roinnt suíomhanna oidhreachta, áiteanna, nithe agus cartlanna a bhaineann le gnéithe de shaol agus de scéal Cholm Cille. I measc cuid de na suíomhanna agus ionaid oidhreachta atá le feiceáil sa leabhar dathúcháin tá Gartán, Leac na Cumha, Tulach Dhúghlaise, Cill Mhic Réanáin, Tobar an Dúin, Gleann Cholm Cille, Díseart, Oileán |

| | |
|---|---|
| Disert, Toraigh Island, Ray Church and St. Eunan's Cathedral in Raphoe. Many of the heritage sites associated with Colmcille are archaeological monuments protected under the National Monuments Acts (1930-2004).<br><br>***Biodiversity in Your Back Garden (2021)***<br>As part of the implementation of the County Donegal Heritage Plan and for Culture Night, the County Donegal Heritage Office in partnership with the Arts Office, Donegal County Council produced a series of five, five-minute videos entitled 'Biodiversity in Your Back Garden' which draws upon the local expertise and experience of natural heritage specialists and enthusiasts in County Donegal to share their advice on making our gardens, green spaces or towns more wildlife friendly, planting native trees and flowers, fostering habitats for our fauna and supporting our bees in the important work that they do in terms of pollination. Contributors included:<br>Joanne Butler, OURganic Gardens, Gort a' Choirce:<br>www.youtube.com/watch?v=kySASSs_ybk<br>Aengus Kennedy, Nature North West, Ramelton:<br>www.youtube.com/watch?v=Z9YdVxysFug<br>George McDermott, Buncrana Town Gardener, Donegal County Council:<br>www.youtube.com/watch?v=X1YrqmlIUL0<br>Liz & Ralph Sheppard, Carnowen House, Raphoe:<br>www.youtube.com/watch?v=fsw0QSqTtdU<br>Elizabeth Temple, Salthill Gardens, Mountcharles:<br>www.youtube.com/watch?v=eUsX31v69as<br><br>***Wetlands Survey of County Donegal (2021-present)***<br>The Wetlands Survey of County Donegal aims to determine the extent, distribution and types of wetland in County Donegal in order to provide biodiversity information to inform decision-making. Wetlands include rivers, lakes, ponds, bogs, fens, wet woodlands, wet grassland and a range of other wet habitat types. Donegal County Council recognises that our wetlands are an important aspect our natural heritage, as they are home to many significant native plant and animal species. Wetlands contribute to | Thoraí, Eaglais Ráithe agus Ardeaglais Naomh Adhamhnán i Ráth Bhoth. Cuid mhór de na suíomhanna oidhreachta a bhaineann le Colm Cille, is séadchomharthaí seandálaíochta iad faoi chosaint ag na hAchtanna Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004).<br><br>***An Bhithéagsulacht i do Ghairdín Cúil (2021)***<br>Mar chuid de chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus d'Oíche Chultúir, chruthaigh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, i gcomhpháirt leis an Oifig Ealaíon, Comhairle Contae Dhún na nGall, cúig cinn d'fhíseáin chúig bhomaite dar teideal (i mBéarla) 'An Bhithéagsúlacht i do Ghairdín Cúil', a tharraingíonn ar shaineolas áitiúil agus ar thaithí áitiúil ag speisialtóirí oidhreachta nádúrtha i gContae Dhún na nGall, lena gcuid comhairle a thabhairt maidir lenár ngairdíní, ár spásanna glasa nó ár mbailte móra a dhéanamh níos cairdiúla don fhiadhúlra, ag cur crainn agus bláthanna dúchasacha, ag cothú gnáthóga dár bhfána agus ag tacú lenár mbeacha san obair thábhachtach a dhéanann siad maidir le pailniú. I measc na ndaoine a rinne na físeáin bhí:<br>Joanne Butler, OURganic Gardens, Gort a' Choirce:<br>www.youtube.com/watch?v=kySASSs_ybk<br>Aengus Kennedy, Nature North West, Ráth Mealtain:<br>www.youtube.com/watch?v=Z9YdVxysFug<br>George McDermott, Garraíodóir Bhaile Bhun Cranncha, Comhairle Contae Dhún na nGall:<br>www.youtube.com/watch?v=X1YrqmlIUL0<br>Liz & Ralph Sheppard, Teach Charn Eoghain, Ráth Bhoth:<br>www.youtube.com/watch?v=fsw0QSqTtdU<br>Elizabeth Temple, Gairdíní Thamhnach an tSalainn, Tamhnach an tSalainn:<br>www.youtube.com/watch?v=eUsX31v69as<br><br>***Suirbhé ar Bhogaigh Dhún na nGall (2021 – inniu)***<br>Is é is aidhm leis an Suirbhé ar Bhogaigh Dhún na nGall ná méid, dáileadh agus cineálacha na mbogach i gContae Dhún na nGall a oibriú amach chun eolas bithéagsúlachta a sholáthar a chuideoidh le cinnteoireacht. San áireamh le bogaigh tá aibhneacha, lochanna, linnte, portaigh, seascainn, coillearnacha fliucha, féarthalamh fliuch agus réimse de chineálacha eile gnáthóga fliucha. Aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall gur gné thábhachtach dár n-oidhreacht nádúrtha iad na bogaigh s'againn, mar go maireann cuid mhór speicis shuntasacha dhúchasacha de phlandaí agus d'ainmhithe iontu. Cuireann na |

| | |
|---|---|
| biodiversity conservation and the provision of ecosystem services. In recent years, some agricultural practices, land drainage and developments have resulted in increased rates of wetland loss. A database of wetland sites based on a review of the literature was established, 898 potential wetland sites were mapped and a selected field survey was undertaken. A detailed site description highlighting the wetland habitat types, threats to wetland conservation and future protection, restoration potential and management priorities and a conservation evaluation was conducted for each site selected for field survey.<br><br>**Preparation of County Donegal Heritage Plan**<br>The County Donegal Heritage Plan was prepared in accordance with the 'Methodology for Local Authority Heritage Officers on the preparation of County/City Heritage Plans' produced by The Heritage Council (2003) and based on the experience of the preparation of County Heritage Plans in other local authorities. The preparation of the new County Donegal Heritage Plan began in June 2022 with an in-house review of the implementation of the previous County Donegal Heritage Plan in order to inform the new strategic plan. It showed that over €1,061,000 was spent on the implementation of County Heritage Plan actions between 2014 and 2022 inclusive. 63% of this funding was secured from external sources of funding (in particular The Heritage Council) and a further 27% was leveraged from other sources of funding within Donegal County Council beyond the funding allocated for County Heritage Plan implementation in annual budgets. Of the 68 actions in the previous County Donegal Heritage Plan, it is estimated that three-quarters (75%) of the actions were delivered. These figures do not include the investment of €1,072,700 in funding from The Heritage Council and €275,000 from Donegal County Council for the implementation of our award-winning Historic Towns Initiatives in Letterkenny (2019), Ramelton (2020) and Ballyshannon (2021 & 2022).<br><br>An initial workshop with County Donegal Heritage Forum members took place in October 2022. An information breakfast and workshop with | bogaigh le caomhnú na bithéagsúlachta agus le soláthar seirbhísí éiceachórais. Le blianta beaga anuas, tá bogaigh á gcailliúint ar ráta níos gaiste mar thoradh ar roinnt cleachtais talmhaíochta, draenáil talún agus forbraíochta. Cruthaíodh bunachar sonraí de shuíomhanna bogaigh bunaithe ar athbhreithniú ar fhoinsí scríofa, léarscáilíodh 898 suíomh féideartha bogaigh, agus tugadh faoi shuirbhé roghnaithe allamuigh a dhéanamh. Ar gach suíomh a roghnaíodh don suirbhé allamuigh rinneadh cur síos mionsonraithe inar leagadh amach cineál na gnáthóige bogaigh, bagairtí do chaomhnú na mbogach agus cosaintí amach anseo, an fhéidearthacht iad a athnuachan agus tosaíochtaí bainistithe, agus meastóireacht chaomhnaithe.<br><br>**Ullmhú Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall**<br>Ullmhaíodh Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall de réir "An Mhodheolaíocht d'Oifigigh Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil ar Ullmhú Phleananna Oidhreachta Contae/Cathrach" a d'fhoilsigh an Chomhairle Oidhreachta (2003) agus bunaithe ar thaithí a fuarthas le linn d'údaráis áitiúla eile agus iad i mbun Pleananna Oidhreachta Contae a ullmhú. Cuireadh tús le hullmhú Phlean úr Oidhreachta Chontae Dhún na nGall i mí Mheithimh 2022 le hathbhreithniú inmheánach ar chur i bhfeidhm an phlean oidhreachta contae deireanaigh, le bonn eolais a chur faoin phlean straitéiseach úr. Léirigh sin gur caitheamh breis agus €1,061,000 ar chur i bhfeidhm gníomhartha de chuid an Phlean Oidhreachta Contae idir 2014 agus 2022 (agus an dá bhliain sin san áireamh). Fuarthas 63% den mhaoiniú seo ó fhoinsí seachtracha maoinithe (go háirithe An Chomhairle Oidhreachta) agus fuarthas 27% eile ó fhoinsí eile maoinithe laistigh de Chomhairle Contae Dhún na nGall sa bhreis ar an mhaoiniú a tugadh le haghaidh cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta Contae i mbuiséid bhliantúla. As an 68 gníomh a bhí sa Phlean Oidhreachta deireanach do Chontae Dhún na nGall, meastar gur cuireadh i gcrích trí cheathrú cuid (75%) de na gníomhartha. Níl san áireamh sna figiúirí seo an infheistíocht €1,072,700 mar mhaoiniú ón Chomhairle Oidhreachta agus €275,000 ó Chomhairle Contae Dhún na nGall lenár dTionscaimh Bailte Stairiúla, a bhfuil gradaim bainte acu, a chur i bhfeidhm i Leitir Ceanainn (2019), Ráth Mealtain (2020) agus Béal Átha Seanaidh (2021 agus 2022).<br><br>Reáchtáladh ceardlann ar dtús le baill de chuid Fhóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall i mí Dheireadh Fómhair 2022. I mí na Samhna 2022 reáchtáladh bricfeasta eolais agus |

heritage groups, historical societies, museums, heritage centres, non-governmental organisations, heritage professionals, environmental groups, Tidy Towns groups and community groups with a heritage remit in County Donegal was held in November 2022. Submissions to the new County Donegal Heritage Plan were sought between November 2022 and January 2023. Three on-line questionnaires were devised and resulted in 99 submissions from members of the public, 32 responses from internal stakeholders in Donegal County Council and 14 submissions from County Donegal Heritage Forum members. A further 16 written submissions were received. The public consultation process received coverage on the Nuacht on TG4 on Thursday, January 26, 2023. Two workshops were held with the Donegal Youth Council in February and March 2023. In total, it is estimated that 236 people provided input into the County Donegal Heritage Plan. Issues highlighted by people included the need for increased awareness and communication of heritage, support for community groups, recognising the intrinsic value of heritage, greater networking and partnership opportunities, and stronger organisational support for the heritage sector.

The County Donegal Heritage Forum considered all the submissions made and devised the aim of the new County Donegal Heritage Plan and five strategic goals. Under each of the strategic goals, a number of objectives were identified which will direct the actions to be undertaken in the delivery of the County Donegal Heritage Plan (2023-2030).

The following table outlines some of the key milestones in the preparation of the new County Donegal Heritage Plan:

| | |
|---|---|
| June 15, 2022 | Process of preparation of new County Donegal Heritage Plan presented to Community, Social & Cultural Strategic Policy Committee |
| October 6, 2022 | Workshop with County Donegal Heritage |

ceardlann le grúpaí oidhreachta, cumainn staire, iarsmalanna, ionaid oidhreachta, eagraíochtaí neamhrialtais, gairmithe oidhreachta, grúpaí timpeallachta, coistí Bailte Slachtmhara agus coistí pobail a bhfuil cúraimí oidhreachta orthu i gContae Dhún na nGall. Lorgaíodh aighneachtaí do Phlean úr Oidhreachta Chontae Dhún na nGall idir mí na Samhna 2022 agus mí Eanáir 2023. Cruthaíodh trí cheistneoir ar líne agus fuarthas 99 aighneacht ó bhaill den phobal, 32 freagra ó pháirtithe leasmhara laistigh de Chomhairle Contae Dhún na nGall agus 14 aighneacht ó bhaill d'Fhóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. Fuarthas 16 aighneacht bhreise scríofa chomh maith. Clúdaíodh an próiseas comhairliúcháin ar Nuacht TG4 Déardaoin 26 Eanáir 2023. Reáchtáladh dhá cheardlann le Comhairle na nÓg Dhún na nGall i mí Feabhra agus Márta 2023. San iomlán, meastar go raibh ionchur ag 236 duine i bPlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. I measc na saincheisteanna a aithníodh bhí an gá le hardú feasachta agus cumarsáide i dtaca le hoidhreacht, tacaíocht do ghrúpaí pobail, an luach a bhaineann le hoidhreacht aisti féin, líonrú níos fearr agus deiseanna comhpháirtíochta, agus tacaíocht eagraíochtúil níos fearr don earnáil oidhreachta.

Rinne Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall na haighneachtaí ar fad a cuireadh isteach a phlé agus a mheas, agus shocraigh siad an aidhm a bheadh ag Plean úr Oidhreachta Chontae Dhún na nGall chomh maith le cúig sprioc straitéiseach. Faoi gach ceann de na spriocanna straitéiseacha aithníodh roinnt cuspóirí a threoróidh na gníomhartha atá le déanamh chun Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall (2023-2030) a chur i gcrích.

Tugann an tábla thíos achoimre ar chuid de na príomhchéimeanna in ullmhú Phlean úr Oidhreachta Chontae Dhún na nGall:

| | |
|---|---|
| 15 Meitheamh, 2022 | Próiseas ullmhúcháin do Phlean úr Oidhreachta Chontae Dhún na nGall curtha faoi bhráid an Choiste Beartais Straitéisigh freagach as Cúrsaí Pobail, Sóisialta agus Cultúrtha |
| 6 Deireadh Fómhair, 2022 | Ceardlann le baill d'Fhóraim Oidhreachta Chontae Dhún |

| | |
|---|---|
| | Forum members |
| November 21, 2022 | Information breakfast and workshop with heritage groups |
| November 2022 - January 2023 | Public consultation period |
| February 17 & March 11, 2023 | Workshops with Donegal Youth Council |
| March 28, 2023 | Workshop with County Donegal Heritage Forum |
| May 15 - June 5, 2023 | Draft County Donegal Heritage Plan placed on public review |
| May 2023 | Five public meetings (one meeting in each Municipal District) |
| June 2023 | Final draft of County Donegal Heritage Plan to be adopted by County Donegal Heritage Forum |
| June 14, 2023 | New County Donegal Heritage Plan to be presented to Community, Social & Cultural Strategic Policy Committee. |
| July 24, 2023 | New County Donegal Heritage Plan to be presented to Donegal County Council for adoption |
| July - August 2023 | New County Donegal Heritage Plan to be designed and published |
| September - October 2023 | Launch of County Donegal Heritage Plan (2023-2030) |

| | |
|---|---|
| | na nGall |
| 21 Samhain, 2022 | Bricfeasta eolais agus ceardlann le grúpaí oidhreachta |
| Samhain 2022 - Eanáir 2023 | Tréimhse chomhairliúcháin phoiblí |
| 17 Feabhra & 11 Márta, 2023 | Ceardlanna le Comhairle na nÓg Dhún na nGall |
| 28 Márta, 2023 | Ceardlann le Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall |
| 15 Bealtaine – 5 Meitheamh, 2023 | Dréachtphlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall curtha ar taispeáint go poiblí lena athbhreithniú |
| Bealtaine 2023 | Cúig chruinniú poiblí (cruinniú amháin in achan Cheantar Bardais) |
| Meitheamh 2023 | Dréacht deireanach de Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall le glacadh ag Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall |
| 14 Meitheamh, 2023 | Plean úr Oidhreachta Chontae Dhún na nGall lena chur faoi bhráid an Choiste Beartais Straitéisigh freagrach as Cúrsaí Pobail, Sóisialta agus Cultúrtha |
| 24 Iúil, 2023 | Plean úr Oidhreachta Chontae Dhún na nGall lena chur faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall le go nglacfar leis |
| Iúil - Lúnasa 2023 | Plean úr Oidhreachta Chontae Dhún na nGall le dearadh agus le foilsiú |
| Meán Fómhair – Deireadh Fómhair 2023 | Seolfar Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall (2023-2030) |

| Strategic Goals & Objectives | Spriocanna agus Cuspóirí Straitéiseacha |
|---|---|
| **Aim**<br>Work together to manage, conserve, promote and celebrate our heritage responsibly, foster appreciation and communicate the values of our rich heritage to present and future generations. | **Aidhm**<br>Oibriú le chéile chun ár n-oidhreacht a bhainistiú, a chaomhnú, a chur chun cinn agus a cheiliúradh ar bhealach freagrach,  tuiscint a chothú agus luachanna ár n-oidhreachta saibhre a chur in iúl do na glúnta atá ann inniu agus atá le teacht. |
| **#1**<br>**Improve resources for heritage services through an integrated approach to delivery**<br><br>*In order to address current and future demands for heritage services, increasing heritage staff resources and investing in heritage services are required urgently.  Supporting existing and developing new partnerships will also enhance a more integrated approach to the management of heritage. The facilitation of training for heritage stakeholders also improves our capacity to better manage our heritage.  A strong heritage sector supports social, cultural and economic development.*<br><br>▪ To continue to explore developing capacity through collaboration and partnership and improving lines of communication.<br><br>▪ To improve capacity in local communities to address heritage management by providing selected training.<br><br>▪ To secure additional heritage specialists in Donegal County Council to meet demands for local authority heritage services (such as an Assistant Heritage Officer, a County Archaeologist, a Community Archaeologist, a Biodiversity Officer, a County Ecologist, a Geographical Information Systems specialist and a Heritage Communications Officer). | **#1**<br>**Acmhainní fá choinne seirbhísí oidhreachta a fheabhsú trí chur chuige comhtháite i dtaca le cur i bhfeidhm agus seachadadh**<br><br>*Le go bhféadfaí dul i ngleic leis an éileamh atá ann do sheirbhísí oidhreachta san am i láthair agus sa todhchaí, tá géarghá práinneach le méadú ar acmhainní daonna oidhreachta agus ar infheistíocht i seirbhísí oidhreachta. Trí thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí atá ann cheana féin, agus comhpháirtíochtaí úra a fhorbairt, cothóidh sin cur chuige níos comhtháite i dtaca le bainistiú na hoidhreachta. Trí oiliúint a éascú dár bpáirtithe leasmhara oidhreachta, cuirfidh sin lenár gcumas chomh maith bainistiú níos fearr a dhéanamh ar ár n-oidhreacht. Tacaíonn earnáil láidir oidhreachta le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta.*<br><br>1. Leanúint de bheith ag fiosrú dóigheanna le hacmhainneacht a fhorbairt tríd an chomhoibriú agus an chomhpháirtíocht, agus ag feabhsú na línte cumarsáide.<br><br>2. Acmhainneacht a fheabhsú i bpobail áitiúla chun dul i ngleic le bainistiú na hoidhreachta trí oiliúint roghnaithe a sholáthar.<br><br>3. Tuilleadh speisialtóirí oidhreachta a fháil i gContae Dhún na nGall chun freastal ar an éileamh atá ar sheirbhísí oidhreachta an údaráis áitiúil (amhail Oifigeach Oidhreachta Cúnta, Seandálaí Contae, Seandálaí Pobail, Oifigeach Bithéagsúlachta, Éiceolaí Contae, speisialtóir i gCórais Faisnéise Geografaí agus Oifigeach Cumarsáide Oidhreachta). |

| | |
|---|---|
| ▪ To secure funding for support officers to work with voluntary groups to make funding applications and deliver community heritage projects. | 4. Maoiniú a fháil fá choinne oifigigh thacaíochta le bheith ag obair le coistí deonacha chun iarratais ar mhaoiniú a dhéanamh agus tograí oidhreachta pobail a chur i gcrích. |
| ▪ To develop partnership with third-level institutions to drive vital research projects. | 5. Comhpháirtíocht a fhorbairt le hinstitiúidí tríú leibhéal chun tograí tábhachtacha taighde a spreagadh. |
| ▪ To explore education, outreach, training and apprentice opportunities in heritage in County Donegal. | 6. Féachaint ar dheiseanna oideachais, for-rochtana, oiliúna agus printíseachta ó thaobh na hoidhreachta de i gContae Dhún na nGall. |
| ▪ To advocate for employment opportunities and career progression in the heritage sector in County Donegal. | 7. Cás a dhéanamh ar son deiseanna fostaíochta agus forbairt gairmeacha san earnáil oidhreachta i gContae Dhún na nGall. |
| ▪ To facilitate in-house training on heritage issues for Donegal County Council staff. | 8. Oiliúint inmheánach a éascú ar cheisteanna oidhreachta do bhaill foirne Chomhairle Contae Dhún na nGall. |
| ▪ To collaborate with relevant partners to ensure heritage is appropriately addressed in local authority policies, plans and programmes and in the design and delivery of tourism, regeneration and economic development projects. | 9. Comhoibriú le páirtnéirí ábhartha lena chinntiú go dtabharfar aird chuí ar an oidhreacht i bpolasaithe, i bpleananna agus i gcláracha an údaráis áitiúil, agus i dtaca le dearadh agus soláthar tograí turasóireachta, athnuachana agus forbairt eacnamaíochta. |
| ▪ To work with the Department of Housing, Local Government & Heritage and The Heritage Council to assist in the implementation of the National Heritage Plan (Heritage Ireland 2030), the National Biodiversity Action Plan and the Heritage Council Strategic Plan (Our Place in Time). | 10. Oibriú leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus leis an Chomhairle Oidhreachta chun cuidiú le cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Oidhreachta (Oidhreacht na hÉireann 2030), an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta ar son na Bithéagsúlachta agus Phlean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta (Ár nÁit sa Stair). |
| **#2**<br>**Engage and support communities in the [re]discovery and management of our heritage** | **#2**<br>**Rannpháirtíocht agus tacú le pobail maidir lenár n-oidhreacht a bhainistiú agus suim inti a (ath)mhúscailt** |
| *Engaging local communities with our heritage will be central to the success of the implementation of the County Donegal Heritage Plan.  Collaboration* | *Má tá rath le bheith ar chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall beidh gá le caidreamh maith a chothú le pobail áitiúla fá dtaobh den oidhreacht. Nuair a bhíonn* |

| | |
|---|---|
| *between key heritage stakeholders and local communities presents opportunities for cooperation, partnership, engagement and additional resources.*<br><br>▪ To foster networking and collaborations between heritage groups and with heritage organisations, key heritage stakeholders and the local authority.<br><br>▪ To communicate and simplify the ways in which heritage groups and local communities can participate in heritage initiatives.<br><br>▪ To continue to promote and expand funding opportunities for local heritage groups, communities and individuals.<br><br>▪ To support the work of the network of local museums and heritage centres in County Donegal.<br><br>▪ To develop non-formal educational projects in partnership with the Donegal Youth Services.<br><br>▪ To inform and engage the Donegal diaspora with the heritage of County Donegal.<br><br>▪ To initiate a citizen science approach to selected heritage projects.<br><br>▪ To support local heritage awareness days. | *na príomhpháirtithe leasmhara oidhreachta agus na pobail áitiúla ag obair go dlúth le chéile, cruthaíonn sin deiseanna le haghaidh comhoibrithe, comhpháirtíochta, rannpháirtíocht agus acmhainní breise.*<br><br>1. Gréasánú agus comhoibriú a chothú idir grúpaí oidhreachta agus le heagraíochtaí oidhreachta, le príomhpháirtithe leasmhara oidhreachta agus leis an údarás áitiúil.<br><br>2. Na dóigheanna a dtig le grúpaí oidhreachta agus pobail áitiúla páirt a ghlacadh i dtionscnaimh oidhreachta a chur in iúl agus a shimpliú.<br><br>3. Leanúint de bheith ag cur chun cinn agus ag méadú deiseanna maoinithe do ghrúpaí áitiúla oidhreachta, do phobail agus do dhaoine aonaracha.<br><br>4. Tacú le hobair an ghréasáin d'iarsmalanna áitiúla agus d'ionaid oidhreachta áitiúla i gContae Dhún na nGall.<br><br>5. Tograí oideachasúla neamhfhoirmeálta a fhorbairt i gcomhpháirt le Seirbhísí Óige Dhún na nGall.<br><br>6. Eolas a thabhairt do dhiaspóra Dhún na nGall faoin oidhreacht i gContae Dhún na nGall agus iad a spreagadh ina leith.<br><br>7. Cur chuige eolaíocht saoránach a thoiseacht i dtaca le tograí roghnaithe oidhreachta.<br><br>8. Tacú le laethanta feasachta oidhreachta. |

| #3<br>**Raise awareness and knowledge by communicating a better understanding of heritage** | #3<br>**Eolas agus feasacht a ardú trí thuiscint níos fearr ar oidhreacht a léiriú agus a chur in iúl.** |
|---|---|
| *Raising awareness and appreciation of heritage is a consistent challenge. Essential to this endeavour is communicating the importance and value of our heritage to present and future generations.*<br><br>▪ To communicate the value, importance and relevance of heritage in our everyday lives.<br><br>▪ To continue to produce education and information materials and deliver seminars on aspects of our heritage.<br><br>▪ To embrace new technology in the interpretation and promotion of heritage sites and assets.<br><br>▪ To advocate for improved access to, and appropriate interpretation at, heritage sites.<br><br>▪ To coordinate and support National Heritage Week in County Donegal.<br><br>▪ To support heritage initiatives in the formal and non-formal education sectors.<br><br>▪ To communicate our senses of place and identities through heritage resources.<br><br>▪ To publicise the work of our Heritage Forum and the achievements of County Donegal Heritage Plan implementation.<br><br>▪ To develop an effective communication plan for the County Donegal Heritage Office and the County Donegal Heritage Forum. | *Is dúshlán leanúnach é an t-ardú feasachta agus tuisceana i dtaca le hoidhreacht. Ar croílár na hoibre seo, is gá tábhacht agus luach na hoidhreachta s'againn a chur in iúl do na glúnta atá ann anois agus atá le teacht.*<br><br>1. Luach, tábhacht agus ábharthacht na hoidhreachta inár saol laethúil a léiriú agus a chur in iúl.<br><br>2. Leanúint de bheith ag foilsiú ábhar oideachasúil agus eolais, agus seimineáir a reáchtáil, ar ghnéithe dár n-oidhreacht.<br><br>3. Leas a bhaint as teicneolaíochtaí úra chun suíomhanna agus acmhainní oidhreachta a léirmhíniú agus a chur chun cinn.<br><br>4. Cás a dhéanamh ar son rochtain níos fearr chuig suíomhanna oidhreachta, agus léirmhíniúchán cuí a bheith ar fáil iontu.<br><br>5. Tacú le Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta i gContae Dhún na nGall, agus í a chomhordú.<br><br>6. Tacú le tionscnaimh oidhreachta sna hearnálacha foirmeálta agus neamhfhoirmeálta oideachais.<br><br>7. Ár n-ómós áite agus ár bhféiniúlachtaí a chur in iúl trí acmhainní oidhreachta.<br><br>8. Cuid oibre ár bhFóram Oidhreachta a phoibliú, chomh maith le héachtaí atá bainte amach mar chuid de chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall.<br><br>9. Plean cumarsáide éifeachtach a fhorbairt d'Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus d'Fhóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. |

| **#4**<br>**Provide advice and promote best practice** | **#4**<br>**Comhairle a sholáthar agus an dea-chleachtas is fearr a chothú** |
| --- | --- |
| *Key to the conservation, management and care of our heritage is the provision of good quality advice and the adoption of best conservation practices.* | *Tá sé fíorthábhachtach do chaomhnú, bhainistiú agus chúram na hoidhreachta s'againn go soláthraítear comhairle ar chaighdeán maith agus go nglactar leis na cleachtais is fearr caomhnaithe.* |
| ▪ To identify, support and share examples of best conservation practice in heritage management in public and private guardianship. | 1. Samplaí den chleachtas is fearr caomhnaithe i mbainistiú oidhreachta, bíodh sin faoi chúram poiblí nó príobháideach, a aithint, a chomhroinnt, agus tacú leo. |
| ▪ To investigate an awards scheme to recognise 'the best in heritage' and the contribution made by guardians of our heritage. | 2. Scéim gradam a fhiosrú chun aitheantas a thabhairt 'don chuid is fearr san oidhreacht', agus don mhéid a dhéanann caomhnóirí oidhreachta. |
| ▪ To work with statutory authorities to communicate and promote the protection afforded built, archaeological, cultural and natural heritage resources to help ensure their protection. | 3. Oibriú le húdaráis reachtúla le cosaint agus cumarsáid a chur chun cinn i dtaca le hacmhainní oidhreachta tógtha, seandálaíochta, cultúrtha agus nádúrtha, lena chinntiú go gcosnófar iad. |
| ▪ To support the work of public and private guardians of our heritage through the management of funding schemes such as the Community Monuments Fund, Historic Towns Initiative, Built Heritage Investment Scheme, Historic Structures Fund and Local Biodiversity Action Fund. | 4. Tacú le hobair na gcaomhnóirí oidhreachta s'againn, idir phoiblí agus phríobháideach, trí scéimeanna maoinithe a bhainistiú amhail An Ciste le haghaidh Séadchomharthaí Pobail, Tionscnamh na mBailte Slachtmhara, An Scéim Infheistíochta d'Oidhreacht Thógtha, An Ciste le haghaidh Struchtúir Stairiúla agus An Ciste le haghaidh Gníomhaíochtaí Áitiúla Bithéagsúlachta. |
| ▪ To address heritage priorities as they relate to climate change and biodiversity loss. | 5. Dul i ngleic le tosaíochtaí oidhreachta de réir mar a bhaineann siad leis an athrú aeráide agus le cailleadh na bithéagsúlachta. |
| ▪ To continue to conserve and promote our vernacular built heritage and associated traditional building skills. | 6. Leanúint de bheith ag caomhnú agus ag cur chun cinn ár n-oidhreachta tógtha dúchasaí agus na scileanna traidisiúnta tógála a ghabhann leo. |
| ▪ To continue the conservation of landmark historic buildings, streetscapes and landscapes. | 7. Leanúint de bheith ag caomhnú foirgnimh stairiúla thábhachtacha, sráid-dreacha agus tírdhreacha. |
| ▪ To work in partnership with key stakeholders to establish a best practice conservation and management scheme for historic graveyards in County | 8. Obair i gcomhpháirt le príomhpháirtithe leasmhara le scéim dea-chleachtais |

| | |
|---|---|
| Donegal.<br><br>▪ To encourage and facilitate the implementation of the All-Ireland Pollinator Plan in County Donegal.<br><br>▪ To work with key stakeholders to support projects that conserve and promote locally-significant flora, fauna, birdlife and their habitats especially those that are endangered.<br><br>▪ To undertake a joint heritage and tourism sector project based on the development of best practice guidance in heritage tourism.<br><br>**#5**<br>**Commission research and gather heritage data**<br><br>*Our sense of place is informed by an understanding of our heritage. Responsible policy development and decision-making requires a strong evidence base. Commissioning research and gathering heritage data will contribute to our knowledge base and a better understanding of our heritage assets.*<br><br>▪ To develop databases on heritage resources in the county to provide evidence and to inform decision-making.<br><br>▪ To commission surveys and studies of overlooked or hidden aspects of our county's heritage and landscape.<br><br>▪ To commission a time-use survey to map the range and value of the voluntary investment in heritage.<br><br>▪ To develop in-house Geographical Information Systems capacity to make heritage information collected accessible to decision-makers and to the public. | caomhnaithe agus bainistithe a bhunú do reiligí stairiúla i gContae Dhún na nGall.<br><br>9. Cur i bhfeidhm an Phlean Pailnithe Uile-Éireann a chothú agus a éascú i gContae Dhún na nGall.<br><br>10. Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun tacú le tograí a chaomhnaíonn agus a chothaíonn flóra, fána, éanlaith agus a ngnáthóga, go háirithe iad siúd atá i mbaol agus atá tábhachtach go háitiúil.<br><br>11. Tabhairt faoi chomhthionscadal oidhreachta agus turasóireachta bunaithe ar fhorbairt an dea-chleachtais treorach is fearr sa turasóireacht oidhreachta.<br><br>**#5**<br>**Taighde a choimisiúnú agus bunsonraí oidhreachta a bhailiú**<br><br>*Cuireann ár dtuiscint ar ár n-oidhreacht bonn eolais faoin fhéiniúltacht áite atá againn. Tá gá le bonn láidir fianaise le haghaidh forbairt pholasaí agus cinnteoireachta ar bhonn freagrach. Trí thaighde a choimisiúnú agus bunsonraí oidhreachta a bhailiú, cuirfidh sin lenár mbonn eolais agus le tuiscint níos fearr ar ár n-acmhainní oidhreachta.*<br><br>1. Bunachair sonraí a fhorbairt ar acmhainní oidhreachta sa chontae chun fianaise a sholáthar agus chun tacú le cinnteoireacht.<br><br>2. Suirbhéanna agus staidéir a choimisiúnú ar ghnéithe d'oidhreacht agus de thírdhreach an chontae nach smaoinítear orthu nó atá faoi cheilt.<br><br>3. Suirbhé ar úsáid ama a choimisiúnú chun méid agus luach na hinfheistíochta deonaí san oidhreacht a rianú.<br><br>4. Acmhainneacht inmheánach Córais Faisnéise Geografaí a fhorbairt leis an eolas oidhreachta a bhailítear a dhéanamh inrochtana do lucht déanta cinntí agus don phobal. |

| | |
|---|---|
| ▪ To commission an audit of archaeological, built and natural heritage assets at risk in coastal environments and to assess their vulnerability from the impacts of climate change.<br><br>▪ To pilot initiatives between heritage and folklore, culture, language, oral history and intangible heritage.<br><br>▪ To investigate the establishment of literary and music heritage trails to highlight the material heritage associated with these traditions.<br><br>**Implementation & Monitoring**<br>The County Donegal Heritage Office, Culture Division, Donegal County Council in partnership with the County Donegal Heritage Forum will oversee the implementation of the new County Donegal Heritage Plan. An annual implementation plan will be drawn up and agreed by the County Donegal Heritage Forum and an annual funding application will be made for part-funding to The Heritage Council for County Heritage Plan implementation. Donegal County Council and The Heritage Council will provide core funding for the implementation of the County Donegal Heritage Plan. The County Donegal Heritage Forum will work with its constituent member organisations and sectors as well as external stakeholders to deliver an annual programme of actions that address the strategic objectives and goals in the County Donegal Heritage Plan. The County Donegal Heritage Office will coordinate and manage the day-to-day implementation of the County Donegal Heritage Plan. The County Donegal Heritage Forum will monitor progress as regards the delivery of the County Donegal Heritage Plan at its quarterly meetings. Progress reports will be provided to the Senior Management Team and Elected Members of Donegal County Council and to The Heritage Council. Information on the implementation of the County Donegal Heritage Plan will be made available at launches, outreach events, on-line on the County Donegal Heritage Office webpages and via Donegal | 5. Iniúchadh a choimisiúnú ar acmhainní oidhreachta seandálaíochta, tógtha agus nádúrtha atá i mbaol cois cósta agus lena leochaileacht a mheas ó thaobh thionchar an athraithe aeráide de.<br><br>6. Tionscnaimh a phíolótú idir oidhreacht agus béaloideas, cultúr, teanga, stair ó bhéal agus oidhreacht neamh-inbhraite.<br><br>7. Fiosrú a dhéanamh faoi shlite oidhreachta litríochta agus ceoil a bhunú chun aird a tharraingt ar an oidhreacht ábhartha a ghabhann leis an dá thraidisiún seo.<br><br>**Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht**<br>Beidh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, An Rannán Cultúir, i gcomhpháirtíocht le Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm Phlean úr Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. Déanfaidh Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall plean bliantúil cur i bhfeidhm a chur le chéile agus a aontú, agus déanfar iarratas bliantúil ar pháirtmhaoiniú chuig an Chomhairle Oidhreachta leis an Phlean Oidhreachta Contae a chur i bhfeidhm. Cuirfidh Comhairle Contae Dhún na nGall agus An Chomhairle Oidhreachta croí-mhaoiniú ar fáil le Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a chur i bhfeidhm. Oibreoidh Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall lena chuid balleagraíochtaí agus earnálacha chomh maith le páirtithe leasmhara seachtracha chun clár bliantúil gníomhaíochtaí a chur i gcrích a rachaidh i ngleic leis na cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha atá i bPlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. Is í Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a chomhordóidh agus a bhainisteoidh cur i bhfeidhm laethúil Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. Beidh Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ag déanamh monatóireachta ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ag a chuid cruinnithe ráithiúla. Cuirfear tuairiscí dul chun cinn ar fáil don Fhoireann Shinsearach Bainistíochta agus do Chomhaltaí Tofa Chomhairle Contae Dhún na nGall agus don Chomhairle Oidhreachta. Beidh eolas maidir le cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ar fáil ag seoltaí tograí, imeachtaí for-rochtana, ar leathanaigh idirlín Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus trí ardáin meáin shóisialta Chomhairle Contae Dhún na nGall. Ag deireadh thréimhse |

| | |
|---|---|
| County Council social media channels. At the end of the plan period, an evaluation of implementation of the strategic goals and objectives will be undertaken.<br><br>**Appendices**<br>▪ Appendix 1: Membership of the County Donegal Heritage Forum (2023)<br>▪ Appendix 2: Achievements of the County Donegal Heritage Plan (2014-2022)<br>▪ Appendix 3: County Donegal Heritage Plan Expenditure (2014-2022) | an phlean, déanfar meastóireacht ar chur i bhfeidhm na spriocanna agus na gcuspóirí straitéiseacha.<br><br>**Aguisíní**<br>o Aguisín 1: Ballraíocht Fhóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall (2023)<br>o Aguisín 2: Méid bainte amach faoi Phlean Oidhreachta Contae Dhún na nGall (2014-2022)<br>o Aguisín 3: Caiteachas ar Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall (2014-2022) |